


Comhaltacht Uí Mháille, Ollscoil Luimnigh: **Léann na hÉireann a Chur chun Cinn i dteannta**

leis an Irish American Cultural Institute

Le tacaíocht ó Institiúid Chultúrtha Éireannach-Mheiriceánach, a bhfuil sé mar mhisean aici meas stuama ar Éirinn a chur chun cinn agus aird a tharraingt ar ról agus ar ranníocaíochtaí na nÉireannach i Meiriceá, tá áthas ar Ollscoil Luimnigh iarratais a lorg do Chomhaltacht Uí Mháille: Cur Chun Cinn na Léann Éireannach. Is socrúchán 12 sheachtain é seo, a bheidh ar siúl i rith sheimeastar an Earraigh, ó mhí Eanáir/mhí Feabhra 2026. Tá an chomhaltacht deartha chun tacú le taighd ardleibhéal i réimse na litríochta, réimse na staire nó i staidéar cultúrtha na hÉireann, agus chun cur leis an bpobal intleachtúil bríomhar in Ollscoil Luimnigh.

Tá ról ríthábhachtach ag an taighde sna hEalaíona, sna Daonnachtaí agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (EDES) in Ollscoil Luimnigh maidir le heolas, cultúr agus sochaí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta a mhúnlú. Trí thionscadail nuálacha agus comhoibriú idirdhisciplíneach, tá scoláirí de chuid EDES ag cur lenár dtuiscint ar go leor réimsí léinn. Déantar plé domhain sa taighde seo ar cheisteanna maidir le féiniúlacht, cruthaitheacht agus maidir leis an athrú sóisialta. Tugann sé léargas ar Éirinn na linne seo agus san am atá caite agus, ag an am céanna, déantar nasc leis an bplé domhanda faoi dhaonlathas, cheartas, imirce, inbhuanaitheacht agus chlaochlú digiteach. Maidir le taighde EDES ag Ollscoil Luimnigh, ní hamháin go gcuirtear le heolas acadúil ach bíonn tionchar ag an taighde céanna ar an saol réadúil freisin, ag cur eolais ar fáil don bheartas poiblí, ag neartú pobail agus ag cur an tsaoil chultúrtha i bhfeabhas.

Le naisc láidre le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, cuireann taighdeoirí EDES in Ollscoil Luimnigh leis an dioscúrsa poiblí, le caomhnú oidhreachta agus le nuálaíocht sna tionscail chruthaitheacha. Leagann a gcuid oibre béim ar thábhacht na bpeirspictíochtaí daonnúla agus na n-eolaíochtaí sóisialta, agus aghaidh á tabhairt ar dhúshláin chasta an 21ú haois. Tugann an chomhaltacht deis do scoláirí a gcuid taighde a dhéanamh agus iad ag plé le baill foirne, le mic léinn agus leis an bpobal acadúil níos leithne. Táthar ag súil go dtabharfaidh comhaltaí léacht phoiblí nó seimineár amháin ar a laghad faoina gcuid taighde le linn a gcónaitheachta.

Incháilitheacht:
Tá an chomhaltacht oscailte do scoláirí iarchéime atá cleamhnaithe le hollscoil sna Stáit Aontaithe a bhfuil céim chríochnaithe acu ina ndisciplín, nó atá ag críochnú céime den sórt sin (e.g., PhD, MFA, nó a chomhionann). Féadfaidh iarratasóirí a bheith d'aon náisiúntacht; níl saoránacht SAM riachtanach.

Fad:
12 sheachtain

Tacaíocht:
Áirítear leis an gcomhaltacht stipinn de US$40,000 (iníoctha i 3 thráthchuid), spás deisce, agus rochtain ar leabharlanna ollscoile, cartlanna agus áiseanna taighde. Is ar chostas an iarrthóra rathúil a bheidh táillí taistil/lóistín.

Oibleagáidí
Seo a leanas oibleagáidí agus dualgais an tsealbhóra:

- Le linn a c(h)ónaitheachta, tabharfaidh an sealbhóir seimineár nó léacht dáimhe amháin ar ábhar a c(h)uid taighde.
- Le linn a c(h)ónaitheachta, beidh an sealbhóir ar fáil le haghaidh comhairliúcháin theoranta le hiarchéimithe sa disciplín chuí.
- Ní mór líne chreidmheasa a bheith ag gabháil le haon aiste, leabhar nó aschur eile taighde a eascraíonn as dámhachtain Chomhaltacht Uí Mháille a aithníonn Comhaltacht Uí Mháille, Ollscoil Luimnigh: Cur Chun Cinn na Léann Éireannach, leis an Institiúid Chultúrtha Éireannach-Mheiriceánach.
- Ar fhilleadh ar na Stáit Aontaithe don sealbhóir, d'fhéadfadh sé tarlú go n-iarrfaí ar an sealbhóir léacht a ullmhú agus a thabhairt bunaithe ar a c(h)uid taighde do lucht féachana a roghnóidh an IACI.

Nós Imeachta Iarratais:
Ba chóir d'iarratasóirí na hábhair iarrtha a chur faoi bhráid Oifig Taighde Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta ag ahsadr@ul.ie.
Is é an 30 Meán Fómhair 2025, ag 5pm IST, an dáta deiridh le haghaidh iarratas.

Déanfar measúnú agus cinneadh faoi lár/dheireadh mhí na Samhna agus cuirfear an t-iarrthóir rathúil ar an eolas faoin 28 Samhain 2025.

Forchoimeádann an Ollscoil an ceart an dámhachtain a chur siar go dtí Fómhar 2026.
Riachtanais maidir le hIarratais

- Litir chumhdaigh
- CV, lena n-áirítear liosta foilseachán
- Togra taighde 1-2 leathanach ina leagtar amach an tionscadal atá le leanúint le linn na comhaltachta; ba chóir go mbeadh cur síos sa togra taighde ar an gcaoi a gcuirfidh do rannpháirtíocht le saol intleachtúil agus acadúil Ollscoil Luimnigh.
- Sonraí teagmhála bheirt mholtóirí

Critéir Mheasúnaithe Meáchan (%)

- An togra Taighde 30%
- Fiúntas Acadúil / Taifead Acadúil 25%
- Tionchar agus Ábharthacht 20%
- Forbairt Ghairme 15%
- Oiriúint don Institiúid 10%

Image: Mainie Jellett (1897 - 1944), Untitled c.1930 (detail),
oil on canvas, 90.8 x 60.5 cm from the IACI O'Malley Art Collection at UL

UNIVERSITY OF LIMERICK
OLLSCOIL LUIMNIGH

Dáin, Daonnachtaí agus Eolaíochtaí Sóisialta
Arts, Humanities and Social Sciences

IRISH AMERICAN CULTURAL INSTITUTE